

# Ailgéabar: Patrúin, rialacha agus coibhneasa – Moltaí don timpeallacht foghlama



## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA



- Tabhairt faoi phlé ar bhonn rialta faoi phatrúin trí ghníomhaíochtaí 'Aimsigh an Patrún', m.sh., *cá mhéad acu is féidir leat a fheiceáil? Conas a fheiceann tú iad? An bhfeiceann aon duine an patrún ar bhealach eile?*
- Cruthanna 2-T agus 3-T a úsáid chun patrúin iolraíocha a chruthú agus a shíneadh.
- Seicheamh uimhreacha a chomhroinnt agus an riail a rialaíonn an seicheamh a shainaithint.
- Tacú le páistí chun a gcuid patrún méadaitheach agus laghdaitheach féin a chruthú, ag úsáid na n-ábhar nithiúil a bheadh ar fáil dóibh agus, ina dhiaidh sin, líníochtaí.
- Lipéid a chur ar sheichimh agus ar phatrúin sa seomra ranga chun tacú le gach páiste.
- Scéal a úsáid mar spreagthach chun patrúin a fhiosrú, m.sh., *rannta agus síscéalta amhail 'Sicín Licín' agus 'An Fear Sinséir'*.
- Dúradáin a úsáid chun patrúin mhéadaitheacha/laghdaitheacha a chóipeáil, a shíneadh agus a chruthú.
- Patrúin sa cheol a fhiosrú, ag úsáid deiseanna chun freagairt agus naisc a dhéanamh, mar aon le deiseanna chun ceol a chruthú agus a thaibhiú. Go sonrach, guthanna, baill den chorp nó cnaguirlisí a úsáid chun ostinatos rithimiúla (patrún athfhillteach rithimeach) a fhiosrú.
- Eascraíonn cuid mhór deiseanna as an Ealaín chun patrúin iolraíocha a dhearadh go cruthaitheach, m.sh., *trí líníochtaí, péinteáil, úsáid fabraicí, struchtúir 3-T a dhearadh*.
- An lúthchleasaíocht, an damhsa agus an ghleacaíocht a chomhtháthú chun patrúin ghluaiseachta a ionchorprú a bhféadfaí iad a chóipeáil, a shíneadh nó a chruthú. An féidir patrún méadaitheach nó laghdaitheach a chruthú tríd an ngluaiseacht?
- Patrúin sa solas a fhiosrú trí bheith ag breathnú trí chailéideascóp.



## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Páirt a ghlacadh i dtóraíochtaí patrún ar thailte na scoile, sa pháirc áitiúil nó sa chomharsanacht agus aird na bpáistí a dhíriú ar phatrúin shaorga agus nádúrtha.
- Taifead a dhéanamh de phatrúin a d'aimseofaí ar scoil agus sa timpeallacht áitiúil trí ghrianghraif, líníochtaí nó plé ó bhéal.
- Peitil, duilleoga, púróga, cipíní agus ábhair nádúrtha eile a úsáid chun patrúin a aithint, a fhiosrú, a shíneadh agus a chruthú.
- Ceamara a ghlacadh amach agus grianghraif de phatrúin sa dúlra a thaifeadadh amhail peitil bhlátha, dearaí páirce, stoic chrainn, sliogáin, clocha, buairicíní, bóiní Dé, beacha, srl.
- Breathnú ar phatrúin i réimsí eile den dúlra amhail fionnadh ainmhithe sa zú – an bhféadann na páistí an patrún a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air?
- Na patrúin a bhaineann le saolré plandaí a fhiosrú trí shíolta a chur agus trí bheith ag breathnú orthu agus ag déanamh taifead den chaoi a bhfásann siad agus a bhfaigheann siad bás thar am.
- Bataí, liáin, foirc, buicéid, tobáin, cupáin, púróga, cleití, sliogáin agus bratacha a úsáid le gur féidir le páistí a bpatrún athfhillteach fáin a dhéanamh i dtráidirí gainimh agus a iarraidh orthu cur síos a dhéanamh air.
- Éisteach le ceol na n-éan éagsúil agus an ostinato séiseach a deir an t-éan arís agus arís eile a shainaithint.
- Critéir réamhshocraithe a úsáid chun gairdín nó spás súgartha a dhearadh a mbeadh patrún ag baint leis.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Kathleen Byrne, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Mhantáin**